Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**13871/19**

**ECOFIN 973**
**ENV 910**
**CLIMA 293**
**FIN 720**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide<br>- Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide (8 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3725ú cruinniú dá cuid, a bhí aici ar an 8 Samhain 2019, sa Bhruiséil.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ECOFIN 2019 maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn an tAontas gona Bhallstáit go láidir le cur chun feidhme práinneach uaillmhianach Chomhaontú Pháras. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh rialacha oibríochtúla atá i bPacáiste Aeráide Katowice agus torthaí Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Maoiniú Forbraíochta 2019, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na sineirgí idir Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Comhaontú Pháras.

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dul chun cinn gasta uaillmhianach a dhéanamh maidir le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir le sreafaí airgeadais a thabhairt ar aon dul le cur chuige i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, i gcomhréir le torthaí na Tuarascála Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir le Téamh Domhanda 1.5 °C. I ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an tiomantas idirnáisiúnta measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhchoiteann tríd an athbhreithniú domhanda a dhéanfar faoi Chomhaontú Pháras agus Á CHUR I dTREIS DI gur gá dul ar aghaidh níos gasta i dtreo na sprice fadtéarmaí maoiniúcháin chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras don mhaolú agus don oiriúnú, mar aon leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, a bhaint amach. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfear leis na hiarrachtaí chun go bhféadfar infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh trí mhaoiniú príobháideach a shlógadh agus IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh na hearnála príobháidí maidir leis an maoiniú inbhuanaithe agus an neodracht carbóin. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit i mbun céimeanna a thabhairt chun sreabha airgeadais a ailíniú leis an bhforbairt ísealcharbóin agus leis an bhforbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear trí phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le fás inbhuanaithe a mhaoiniú. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI a bhfuil tite amach le déanaí ar leibhéal an Aontais, go háirithe an obair leantach i ndáil le tacsanomaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, caighdeán deonach do bhannaí glasa, reachtaíocht nua maidir le dhá chatagóir nua de thagarmharcanna ísealcharbóin (tagarmharcanna aeráide an Aontais) agus maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta. Thairis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh eile ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail comhghuaillíocht na n-airí airgeadais um ghníomhú ar son na haeráide agus an t-ardán idirnáisiúnta maidir le maoiniú inbhuanaithe, a seoladh le déanaí.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an phraghsáil carbóin agus an céimniú amach d'fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol agus atá neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de ina bpríomhchodanna de thimpeallacht chumasúcháin chun sreabha airgeadais a aistriú i dtreo infheistíochtaí aeráidneodracha inbhuanaithe, chun tacú le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta agus chun réitigh nuálacha nach bhfuil díobhálach don aeráid a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI agus TACAÍONN SÍ leis an méid a leanas : i) tionscnaimh praghsála carbóin, lena n-áirítear iad siúd lena gcothaítear cumas i dtíortha i mbéal forbartha; ii) an úsáid a bhaineann cuideachtaí agus institiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc iltaobhacha agus bainc forbartha eile, as praghsanna inmheánacha carbóin; agus iii) tionscnaimh lena moltar fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol agus neamhéifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de a chéimniú amach agus maoiniú poiblí agus príobháideach a laghdú go gasta do thionscadail agus sócmhainní a tháirgeann a lán astaíochtaí agus atá díobhálach don chomhshaol. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go háirithe na sochair a bhaineann le praghas a chur ar charbóin agus leis an ngníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú sna próisis náisiúnta bhuiséid agus phleanála. Tá sí TIOMANTA oibriú le gach páirtí chun rialacha láidre a fhorbairt maidir le margaí idirnáisiúnta carbóin (Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras).

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tiomantas don ghníomhú uaillmhianach ar son na haeráide, sa chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais do 2021-2027, thar gach réimse beartais, lena n-áirítear comhar seachtrach agus ábharthacht cuspóirí beartais eile de chuid an Aontais á cur san áireamh ag an am céanna. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá na cistí a úsáid ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a bhunaigh páirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide mar aon le clár oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a ghabhann leis. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh le gníomhartha comhchosúla a dhéanfaidh na Ballstáit agus deontóirí tábhachtacha idirnáisiúnta eile agus cur le slógadh an mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó réimse foinsí.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta i gcónaí dlús a chur le slógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar chuid de sprioc chomhchoiteann na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh go comhpháirteach in aghaidh na bliana faoi 2020 agus ar aghaidh go dtí 2025 ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus bealaí i gcomhthéacs fíorghníomhaíochtaí maolúcháin agus thrédhearcacht an chur chun feidhme. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus ranníocaíochtaí an Aontais gona Bhallstáit níos mó ná méadaithe faoi dhó ó 2013 agus ar mó ná EUR 20 billiún in aghaidh na bliana iad, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gurb é an tAontas gona Bhallstáit is mó a chuireann maoiniú poiblí ar fáil do thíortha i mbéal forbartha don troid i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear maoiniú do na cistí iltaobhacha don aeráid, agus

thug sé EUR 21.7 billiún mar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide in 2018[1]. TATHANTAÍONN SÍ ar na tíortha forbartha eile leanúint de dhlús a chur le soláthar an mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide. IS DÍOL SÁSAIMH DI toradh na comhdhála d'athshlánú an Chiste Ghlais don Aeráid i bPáras, agus TACAÍONN SÍ leis an bpróiseas athshlánaithe a thabhairt chun críche go rathúil.

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh ról tábhachtach maidir le gníomhú ar son na haeráide ag roinnt i gcónaí leis an maoiniú poiblí don troid i gcoinne an athraithe aeráide ach CUIREANN SÍ I dTREIS, ag an am céanna, gur gá don chuid is mó den mhaoiniú lena gcuirfear an t-aistriú chuig geilleagar domhanda aeráidneodrach athléimneach chun cinn, gur gá dó teacht ó fhoinsí intíre agus foinsí príobháideacha, agus go mbeidh gá le tuilleadh iarrachtaí ina leith sin. CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs seo, gur gá díriú níos fearr a dhéanamh ar mhaoiniú poiblí chun cistiú ón earnáil phríobháideach a ghiaráil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun gníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúnúcháin a mhaoiniú, agus gur gá timpeallachtaí cumasúcháin a áirithiú freisin.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an cinneadh a rinneadh ag COP 24 plé a thionscnamh maidir le sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a leagan síos nach lú ná USD 100 billiún in aghaidh na bliana í, i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 9 de Chomhaontú Pháras, i gcomhthéacs fíor-ghníomhaíochtaí maolúcháin agus thrédhearcacht an chur chun feidhme, agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit meáite ar thabhairt faoin bplé sin ag tosú i mí na Samhna 2020. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an gá go mbeadh réimse níos leithne d'fhoinsí cistiúcháin agus de ranníocóirí ann agus ina theannta sin go socrófaí an sprioc nua i gcomhthéacs sreabha airgeadais domhanda a dhéanamh comhsheasmhach le spriocanna Chomhaontú Pháras agus go gcuirfí chun suntais, ag an am céanna, na naisc chuig clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa maidir le maoiniú don fhorbairt. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá peirspictíocht atá dírithe ar thorthaí i ndáil leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide lena n-áiritheofar go mbeidh an tionchar is fearr is féidir ag na cistí a chuirfear ar fáil agus a shlógfar.

8. TATHANTAÍONN SÍ ar na bainc forbartha iltaobhacha (MDBanna) mar aon leis na bainc náisiúnta agus réigiúnacha forbartha na bearta atá á ndéanamh acu a leagan amach chun na punanna atá acu a ailíniú le Comhaontú Pháras agus leanúint d'infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráid a mhéadú, ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2018 agus, ag an am céanna, leas níos nuálaí agus níos éifeachtaí á bhaint acu as a n-acmhainní chun maoiniú príobháideach a ghiaráil a thuilleadh agus chun comhoiriúnacht tionscadal nua le Comhaontú Pháras a áirithiú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach atá déanta ag MDBanna

[1] Áirítear san fhigiúr sin foinsí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide a thagann ó bhuiséid phoiblí agus ó institiúidí airgeadais eile don fhorbairt, mar a thuairiscigh na Ballstáit i gcomhthéacs Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013. Áirítear san fhigiúr sin freisin maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide dar luach EUR 2.65 billiún ó bhuiséad an Aontais agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta, agus EUR 2.97 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

chuige sin ó glacadh Comhaontú Pháras, agus MOLANN SÍ dóibh siúd nach bhfuil spriocanna uaillmhianacha maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide don tréimhse iar-2020 socraithe acu go fóill iad a shocrú anois. IS DÍOL SÁSAIMH DI uaillmhian Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta cur lena rannchuidiú leis an ngníomhú ar son na haeráide agus le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go dtacaítear le cur chun feidhme straitéisí aeráide fadtéarmacha i dtíortha i mbéal forbartha. IS DÍOL SÁSAIMH DI na fógraí ó MDBanna agus ó bhainc forbartha náisiúnta agus réigiúnacha agus é mar aidhm a gcuid gníomhaíochtaí a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus IS FADA LÉI go dtabharfaidh MDBanna tuarascáil faoin dul chun cinn maidir lena gcur chuige comhpháirteach ag COP25 UNFCCC i Maidrid na Spáinne. I ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ do MDBanna beartais infheistíochta fhreagracha a ghlacadh agus deireadh a chur le maoiniú tionscadal breosla iontaise de réir a chéile, go háirithe iad siúd a úsáideann breoslaí iontaise soladacha agus forbairt inbhuanaithe agus riachtanais fuinnimh na dtíortha comhpháirteacha á gcur san áireamh.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun chun maoiniú agus gníomhaíochtaí oiriúnúcháin a mhéadú chun an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an fhorbairt inbhuanaithe a fheabhsú agus AITHNÍONN SÍ gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an méid sin. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gurb é an tAontas gona Bhallstáit is mó a sholáthraíonn maoiniú poiblí chun críocha oiriúnúcháin, go háirithe sna tíortha sin is mó atá leochaileach i leith dhrochéifeachtaí an athraithe aeráide agus ina bhfuil bacainní móra cumais. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach a bhíonn ag an maoiniú poiblí maidir le hoiriúnú agus maidir le tacaíocht do na tíortha is leochailí agus do na daoine is leochailí sna tíortha sin, go háirithe do na tíortha is lú forbairt agus do stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méid dearfach atá ag tarlú maidir le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí in oiriúnú don athrú aeráide agus san athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear Plean Infheistíochta Seachtraí an Aontais. CUIREANN SÍ I dTREIS go ndéantar leithdháileadh méadaithe an mhaoinithe don fhorbairt le haghaidh oiriúnú a éascú trí thosaíocht a bheith á tabhairt ag tíortha i mbéal forbartha do bhearta oiriúnúcháin san idirphlé maidir le forbairt a bhíonn acu leis an bpobal deontóirí.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart cinneadh na riachtanas a ullmhú sa chomhthéacs níos leithne maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme, agus CUIREANN SÍ I dTREIS an nasc idir gníomhaíocht uaillmhianach, sreafaí airgeadais a ailíniú, agus slógadh méadaithe an mhaoinithe phríobháidigh ó fhoinsí intíre agus idirnáisiúnta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart aird a thabhairt, agus riachtanais na dtíortha i mbéal forbartha á gcinneadh, ar na difríochtaí idir modheolaíochtaí lárnacha, ar líon mór na n-athróg agus ar éiginnteachtaí dúchasacha. IARRANN SÍ ar an lucht léinn, ar an bpobal agus ar an earnáil phoiblí, lena n-áirítear institiúidí iltaobhacha agus déthaobhacha forbartha, tabhairt faoin obair sin. IS FADA LÉI go gcuirfidh COP 26 tuarascáil i láthair maidir le cinneadh na riachtanas.